

AN FEAR A DHÍOL A LÉINE

Séard a bhí ins an bhfear bocht fear a bhí a' cúirtéaracht le bean óg. Ní raibh ag á n-a hathair ná ag á na máthair ach í. Ní raibh ní ar bith ag an bhfear le cur ar a chraiceann ach a lá páidhe. Bhí sé i gcomhnaidhe a' tarraingt chun a' tighe seo a' súil leis an mbean óg, 's ní raibh tóir mhór air. Bhí fear óg eile ins an áit agus d'iarr sé í le pósadh agus fuair se gealltanas uirthé.

Bhí siad leis an gcleamhnas a shocrú Dé Domhnaigh i dteach ósta tar éis an Aifrinn. Chonnaic mo dhuine bocht iad an-mhór le chéile taréis teacht amach as teach a' phobuil. Choinnigh sé a shúil ortha go ndeacha siad isteach insa teach ósda. Chuaigh sé isteach ina ndiaidh agus bhí siad thiar i seomra. D'iarr sé leath-ghalún leanna ar bhean a' tighe. D'fíafuigh sí dhó a raibh a luach aige, agus dubhairt sé nach raibh.

"Muisse, dheamhan deoir a bhéarfas mise duit gan a luach" ar sise.

Chuaigh sé amach ins an stábla agus bhain sé de a léine. Tháinig sé isteach agus a léine i gcúl a dhorna aige. "Seo anois" ar seisean, "mo léine dhuit. Is fiú sgilling í. Coinnigh í go dtuga mise an sgilling dhuit ach tabhair dom an leath-ghalún leanna."

Thug sí an leath-ghalún leanna dhó agus chuaidh sé siar sa seomra leis. "Bail ó Dhia uiribh" ar seisean. Bhí fáilte roimhe dhá mb'fhíor dófa féin ach ní raibh. Níor fhéad siad aon fhocal a labhairt ar an gcleamhnas mar bhí seisean i láthair. Thugadar cuireadh don fhear óg a thigheacht chun a' tighe leofa go maidin agus tháinig, agus lean mo dhuine bocht leofa agus tháinig sé chun a' tighe gan fáilte ar bith roimhe.

Nuair a bhí sé ina am codlata hubhradh leofa beirt a ghul a chodladh go raibh leabaidh ann. Chuaidh mo dhuine bocht siar ar an gcéad iarraidh. Chaith sé de chomh toibeann agus d'fhéad sé agus isteach leis sa leabaidh. Tháinig an buachaill óg eile – bhain sé dhó a chuid éadaigh mar ba chleachta leis agus bhí sé a' gul taobh thuas dó ins a'leabaidh.

"Bain díot do léine" ars an fear bocht.

"Ó ní bhainfead" ar seisean, "níor chodail mé ariamh gan mó léine."

"Dheamhan néall a chodlóchas tú liom-sa anocht go mbaine tú dhíot do léine" ar seisean. Bhain sé dé a léine agus chaith sé ar phosta na leaptha í.

Ní raibh ann ach go raibh sé ina lá nuair a dhúisigh an fear bocht agus d'eirigh sé aniar ina shuidhe sa leabhaidh. Rug sé ar léine an fhir eile agus bhuaile sé air í agus d'eirigh sé ina shuidheamh. Bhí sé a' siubhal isteach agus amach dó féin gur eirigh fear a' tighe agus bean a' tighe agus an bhean óg. Fuaireadar an bricfeasta réidh.

"Nach mór a' t-iongnadh" adeir fear a' tighe, "nach bhfuil do chomráidhe ag eirighe."

"Maise, deamhan néal a fuair mé ar feadh na hoidhche le codladh uaidh agus sin é an fáth ar eirigh mé chomh moch le gráin air, pébir céard atá suas leis."

"Gabh siar" arsa fear a' tighe lena inghin "agus abair leis eirghe i gceann a bhricfeast."
D'fhosgail sí doras an tseomra agus dhearc sí siar a' glaothach air, agus céard d'fheicfeadh
sí ach é ar a dhá ghlúin istigh faoin leaba a' tóruidheacht a léine. Chuir sí béic aiste agus
d'fíafraigh an t-athair céard a bhí uirthi.

"Tá sé ina chraiceann istigh faoin leabaidh" ar sis.'

"Ó bhí fhios a'm-sa" adeir an fear bocht "nach raibh an fear ceart. Ní bhfuair mé néal le
codladh uaidh ar feadh na hoidhche."

Nuair a fuair sé na dorsa fosgailte níor fhan sé lena chuid éadaigh a chur air ach rug sé faoi n-
a asgaill ortha agus rith sé amach agus níor stop sé go ndeachaidh sé abhaile.

"Is dóchaidhe" adeir athair na mná óige, "gur dhuit-se atá na bhean óg a' gul. Tuga libh agus
pósaidhí."

Chuaidh an fear bocht agus an bhean óg agus phósadar. An Domhnach tar éis pósta
chuadar isteach sa teach ósda seo aríst. Chuadar siar sa seomra céadna. Glaodhann an fear
óg leath-ghalún leanna. Thug sí sin aca. Chuir sé lámh ina phóca agus tharraing sé aníos
sgilling. "Gabh síos anois" ar seisean le bean a' leanna "agus tabhair chugam aníos mo
léine." Chuaaidh sí síos agus thug sí aníos a léine agus thug sé an sgilling duithe.

"Cén t-ughdar atá leis sin?" adeir athair na mná óige.

"Tá" adeir an fear bocht, "ní bhfuighfinn-se leath-ghalún leanna uaithe an lá a bhí tú féin
agus an fear eile a' déanamh cleamhnais annseo bhí mé ag iarraidh leath-ghalún leanna
uirthí le go dtiocfainn in 'ur gcomhlúadar agus ní thiubhradh sí dhom í. Chuaidh mé amach
agus bhain mé díom mo léine agus thug mé duithe í nó go n-íocfainn í. Chuaidh mé abhaile
leat-sa agus leis an bhfear eile. Sí léine an fhir eile a chuir mise orm ar maidin, agus atá orm
ó shoin, agus a' tóraidheacht a léine a bhí an fear eile faoin leaba nuair a chonaic t-inghean é
agus d'imthigh sé le náire."

"Tabhair dom do lámh" arsa fear a' tighe, "déanfaidh tú fear maith fós."